

## Aighneacht

### Comhairliúchán Poiblí Fuathchaint

#### INTREOIR:

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.

Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíochta atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus is iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag [www.cnag.ie](http://www.cnag.ie).

## AN FUATHCHAIT IN AGHAIDH NA GAEILGE :

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an reachtaíocht ar ghríosú fuatha, cuirfear san áireamh moladh go mbeadh sé ina choir fuath a spreagadh bunaithe ar an teanga. Tá Conradh na Gaeilge ag tacú leis an moladh agus iad ag súil go mbeidh an Ghaeilge san áireamh sa reachtaíocht. Mar a sheasann sé, tagraíonn an reachtaíocht don fhuath do ghrúpa daoine mar gheall ar a gcine, a ndath, a náisiúntacht, a gcreideamh, a mbunadh eitneach nó náisiúnta, toisc gur den lucht siúil iad nó mar gheall ar a gclaonadh gnéis.

Athrú chun feabhais ‘teanga’ a bheith luaite sa reachtaíocht, chomh maith le rudaí eile. Ní ar mhaithe leis an nGaeilge is mó a deirim an méid sin, mar sin féin.

Glactar go forleathan leis i léann na teangeolaíochta, agus in áiteanna eile, go seasann an chlaontacht teanga do chlaontaí ar bhoinn eile. Mar sin, nuair a chaitear anuas ar an teanga a labhraíonn duine, bíonn rud éigin eile taobh thiar de sin de ghnáth. Go minic, is é atá i gceist dáiríre le leatrom teanga ná claonta a bhaineann le haicme, le cine, le creideamh, le dath, le heitneacht, le gnéas, le gnéaschlaonadh srl.

Nuair a chuirtear fuath in iúl don teanga a labhraíonn duine nó grúpa, nó nuair a léirítear claonadh i gcoinne pobal teanga, cuirtear fuath in iúl do na gnéithe sin a seasann an teanga dóibh. Gheobhadh gurb é a bheadh i gceist le claonadh i gcoinne teanga áirithe, mar shampla, ná claonadh a bhaineann le cine nó le creideamh ach nach mbeadh duine sásta é sin a rá amach.

Mar a chéile i gcás canúintí. Tóg an Béarla in Éirinn. Ní as an ngnáth go gcaithfí anuas ar dhuine nó ar ghrúpa mar gheall ar an tslí a labhraíonn siad Béarla. Gheobhadh pobal tuaithe, pobail as ceantair faoi mhíbhuntáiste sna cathracha, an lucht siúil, nó inimircigh a bheith i gceist. I ngach cás acu sin, is le cúlra an chainteora, nó an grúpa ar de í, a bhaineann an leatrom.

Den chuid is mó, is ar mhaithe leis na cásanna thuas, cásanna nach mbaineann go sonrach leis an nGaeilge, go mbeinn i bhfabhar go gcuirfí teanga duine san áireamh sa reachtaíocht ar ghríosú fuatha.

Tá dreamanna in Éirinn nach labhraíonn mórán Béarla ná Gaeilge agus atá fíorleochaileach dá dheasca sin. Ní bhíonn na deiseanna céanna ar fáil dóibh i margadh an tsaothair ná i réimsí eile den saol. Gheofaí an méid céanna a rá fúthu siúd nach labhraíonn ‘an saghas ceart Béarla’ – pobal lár na cathrach i mBaile Átha Cliath agus i gcathracha agus i mbailte eile na tíre, inimircigh, an lucht siúil. Nuair a léirítear fuath do theanga nó do chanúintí na ndreamanna sin, nó nuair a léirítear fuath don pobal a labhraíonn ar na slite sin, caitear anuas ar ghrúpaí ar bheag an chosaint atá acu.

Tá cás na Gaeilge dhifriúil. Dar ndóigh, caitear anuas uaireanta ar an nGaeilge agus orthu siúd a úsáideann an Ghaeilge mar ghnáth-theanga labhartha. Ní miste a aithint go bhfuil sciar de phobal na Gaeltachta leochailigh ar bhonn teangeolaíochta agus socheacnamaíochta. I dTuaisceart Éireann, is féidir le cainteoirí Gaeilge a bheith leochaileach sa mhéid is gurb ionann go minic an claonadh i gcoinne na Gaeilge agus claonadh i gcoinne pobal a bhí thíos ar feadh i bhfad mar gheall ar a gcreideamh agus a bpolaitíocht.

## REACHTAÍOCHT FHUATHCHAINTE IN ALBAIN :

Tá Albain ag tógáil cúrsaí teanga san áireamh ina reachtaíocht fuathcainte. Seo a deireann an *Independent Review of Hate Crime in Scotland*.

“§4.81. Note that Lord Bracadale does recognize (§4.83) that ‘there will be some Gaelic speakers who may not consider themselves (or be considered by others) to be members of a Gaelic ‘ethnic group’ but who use the language in aspects of their daily lives. [...] However [...] the concept of hostility should not be limited to the cases where the victim does in fact have the relevant protected characteristic. It should also cover cases where the hostility occurs because the victim is presumed to have the characteristic or has an association with those who do.’”

## CÁSANNA FHUATHCHAINTE INA AGHAIDH NA GAELIGE :

Ar Newstalk bhí fuathchaint ina aghaidh na Gaeilge á úsáid ag Paul Williams ar an 21 Meán Fómhair, 2016 nuair a dúirt sé:

- “...When we became an independent sort of nation, we tried to beat Irish in to our kids and I was a victim of that system in the 70s and the 80s and I despised Irish and still cannot speak Irish because of it”
- (*referring to indecipherable Conamara Irish*) “...It’s very handy to have that because you can insult most people and they don’t know that you are insulting them or giving out to them”
- (*referring to people speaking Irish in the Gaeltacht at a football match*) “...This is fundamentalism. You will learn the Irish and you will do it right.” (*the last sentence was said in a what can only be identified as a German Nazi accent*)

Chur Julian de Spáinn gearán isteach maidir le seo chomh maith go dtí an UCÉ, níor chosain an UCÉ é.

Ar an 19 Meitheamh, 2019 do ghlaigh Ivan Yates ‘Cultural Terrorists’ orthu siúd atá ag iarraidh a chearta a bhaint amach i dtaobh na Gaeilge de. Chur Julian de Spáinn gearán isteach faoin tagairt sin go dtí an UCÉ (Údarás Craolacháin na hÉireann) ag maígh ina ghearán go ndearnadh éagóir ar chainteoirí Gaeilge agus ar Bhláthnaid Ní Chofaigh go háirithe agus go raibh “easpa neamhchlaontachta agus oibiachtúlachta” ag baint leis na tuairimí a chuir Yates in iúl le linn eagrán an 19 Meitheamh den chlár *The Tonight Show* ar TV3 (Virgin Media One). Níor sheas BAI leis an ghearán arís, ag rá gur ag ‘spreagadh díospóireachta’ a bhí i gceist ag léiriú nach bhfuil cosaint ann ó aon eagraíocht Stáit in aghaidh na fuathcainte i dtaobh na Ghaeilge de.

<https://tuairisc.ie/ar-mhaithe-le-diospoireacht-a-spreagadh-a-thug-ivan-yates-cultural-terrorists-ar-ghaeilgeoiri-cinneadh-an-bai/>

Fiú amháin le dhá lá anuas bhí Ivan Yates ag rá ar Newstalk ‘all the Gaeilgeoir taliban and terrorist and zealots, if they want to speak amongst themselves that’s grand’.

Ní eachtraí annaimh iad na samplaí seo, breathnaigh ar an nasc seo le liosta fada de na hionsaithe ó na meáin ar an nGaeilge. Sa nasc seo feicfidh tú an chaoi a gcaitear le pobal na Gaeilge sna meáin i gcoitinne: <https://www.broadsheet.ie/2018/06/13/ive-nothing-against-irish-speakers-but/>.

## CONCLÚID :

Mar mhionlach leochaileach, tá pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ag laghdú bliain ina bliain, níl mórán ama fágtha nuair nach mbeidh an Ghaeilge mar phríomh theanga labhartha sa Ghaeltacht [http://www.udaras.ie/media/pdf/002910\\_Udaras\\_Nuashonr%C3%BA\\_FULL\\_report\\_A4\\_FA.pdf](http://www.udaras.ie/media/pdf/002910_Udaras_Nuashonr%C3%BA_FULL_report_A4_FA.pdf). Níl cothromas teanga ann i dtaobh seirbhísí ag an Stát, a chuireann brú ar an bpobal sin cuid mhaith dá shaol a chaitheamh i mBéarla. Chun cur le sin bíonn mionlach glórmhar go háirithe sna meáin a bhíonn ag caitheamh anuas ar an nGaeilge agus ar phobal na Gaeilge. Ní ceart go ligtear do na hionsaithe seo, tá gá don Stát cosaint a thabhairt don phobal sin. Ní ceap milleáin é pobal na Gaeilge chun tuairimí a bhaineann le hoidhreacht coilíneach ón 19ú aois a chur ina dtreo. Tá meas uainn agus tá sé tuillte dúinn. Tá súil ag Conradh na Gaeilge go nglacfaidh an Stát go dáiríre cosaint a thabhairt do phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta ó ionsaithe fuathchaint tríd an reachtaíocht seo a thabhairt isteach.

Tá Conradh na Gaeilge sásta plé leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais am ar bith faoi dhréachtú na reachtaíochta seo.